



General Certificate of Secondary Education  
2023

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

## Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 2

Coincheapa Ceapadóireachta  
Digití



[GDG21]

\*GDG21\*

**DÉARDAOIN 25 BEALTAINÉ, IARNÓIN**

AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**

**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 120 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6(c)**.

13860.07R



\*28GDG2101\*

**Do Cheist 1 cuir an litir chuí isteach sa spás atá curtha ar fáil.**

**1 (a)** Cuireann postchumasc sonraí isteach go huathoibríoch i ndoiciméad déanta ar an phróiseálaí focal ag úsáid réimsí atá curtha isteach ó

- A** thábla i bhfeidhmchlár déanta ar an phróiseálaí focal
- B** fheidhmchlár láithreoireachta
- C** fheidhmchlár bunachair sonraí
- D** fheidhmchlár ilmheán

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(b)** Is féidir cur síos ar bhuntásc tuairisce mar théacs atá le feiceáil

- A** mar lipéad in aice le réimse i dtuairisc
- B** ag deireadh tuairisce lena thaispeáint nach bhfuil sonraí ar bith eile le feiceáil
- C** faoin cheannteideal i dtuairisc
- D** ag bun gach leathanaigh i dtuairisc

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(c)** Roghnaigh an ráiteas a chuireann roghnú in iúl i scriptiú.

- A** FOR i = 1 to 100
- B** IF...THEN....ELSE
- C** WHILE....DO
- D** REPEAT....UNTIL

Freagra \_\_\_\_\_ [1]





**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**13860.07R**



**\*28GDG2103\***

2 Tá Tracy ag forbairt suíomh gréasáin nua do ghníomhaire eastáit áitiúil.

Socraíonn sí ar fhréamhshamhail a fhorbairt ar dtús.

(a) Mínigh an téarma fréamhshamhail.

---

---

[2]

(b) Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáideoir deiridh a bheith páirteach agus fréamhshamhail á forbairt do shuíomh gréasáin nua.

1. \_\_\_\_\_

---

2. \_\_\_\_\_

---

[2]

(c) Ciorclaigh na téarmaí cearta leis na habairtí seo a leanas a chomhlánú maidir le suíomh gréasáin a fhorbairt.

Táispeánann **scéalchlár / léaráid de struchtúr nascleanúna** an dóigh a bhfuil leathanaigh sa tsuíomh gréasáin nasctha le chéile.

Táispeánann an **léaráid de struchtúr nascleanúna / scéalchlár** inneachar agus leagan amach gach leathanaigh sa tsuíomh gréasáin.

Táispeánann **doiciméad riachtanais úsáideora / amlíne** inneachar gearrscannáin a cruthaíodh don tsuíomh gréasáin.

Feidhmíonn **doiciméad riachtanais úsáideora / scéalchlár** mar chonradh idir an forbróir suímh gréasáin agus a chustaiméir.

[4]



(d) Ní mór don tsuíomh gréasáin a bheith idirghníomhach.

Seachas cnaipí nascleanúna a úsáid, luaigh **dhá** dhóigh ar féidir an suíomh gréasáin a dhéanamh idirghníomhach.

1. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

Tá bunachar sonraí coibhneasta de dhíth ar úinéirí na gníomhaireachta eastáit chomh maith le cuntas a choinneáil ar áirithintí.

Is féidir le bunachar sonraí coibhneasta a bheith ina chuidiú maidir le sláine sonraí a fheabhsú agus iomarcaíocht sonraí a laghdú.

(e) Mínigh na téarmaí:

(i) Sláine sonraí

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

(ii) Iomarcaíocht sonraí

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

[Tiontaigh an leathanach



Beidh trí thábla sa bhunachar sonraí.

- Tábla Breathnóra
- Tábla Airíonna
- Tábla Áirithinte

Baineann Tracy úsáid as *ERD* lena thaispeáint cad é mar a nascfar na táblaí sa bhunachar sonraí choibhneasta.

(f) Cad é dó a seasann na litreacha *ERD*?

\_\_\_\_\_ [1]

(g) Liostaigh **dhá** chineál gaoil is féidir a bheith ann idir táblaí.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]





**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**13860.07R**



**\*28GDG2107\***

3 Tá Cluichí GT ag cruthú cluiche nua ríomhaire.

Tá siad ag iarraidh go mbeidh *GUI* (Comhéadan Grafach Úsáideora) ag an chluiche.

(a) Sa tábla thíos, cuir tic (✓) in aice leis na trí ráiteas atá FÍOR faoi *GUI*leanna.

Ráiteas	Ticeáil (✓)
Bíonn cuid mhór cumhacht phróiseála de dhíth ar <i>GUI</i> leanna le rith go rathúil	
Is féidir le húsáideoirí a n-aicearraí féin a chruthú	
Is iad an comhéadan is fóirsteanáí do shainúsáideoirí iad	
Bíonn riachtanais chuimhne íseal nuair atá <i>GUI</i> leanna á rith	
Cuidíonn boscaí dialóige agus draoithe le húsáideoirí tascanna coimpléascacha a chomhlánú	

[3]

(b) (i) Cuir síos ar **aon** bhuntáiste **amháin** don úsáideoir a bhaineann le leibhéal arda idirghníomhaíochta a bheith san áireamh i gcluichí ríomhaire.

---

---

---

[2]

(ii) Cuir síos ar **aon** mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le leibhéal arda idirghníomhaíochta a bheith san áireamh i gcluichí ríomhaire.

---

---

---

[2]



Bíonn comhéadain teanga nádúrtha in úsáid i roinnt cluichí.

- (c) (i) Ainmnigh **aon** ghléas ionchuir **amháin** atá de dhíth chun tacú le hionchur gutha i gcomhéadain teanga nádúrtha.

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Úsáid na focail liostaithe thíos leis na habairtí faoi orduithe gutha a chur isteach a chríochnú. (Ní bhainfear úsáid as gach focal).

**Aisfhotha                      Foclóir                      Analógach**

**Digitreach                      Eochairfhocail                      Taifeadta**

Nuair a ionchuirtear treoracha sa ghléas dhigitreach bíonn siad i bhformáid

\_\_\_\_\_ [1]. Sular féidir leis an phróiseálaí na

treoracha a thuiscint caithfear iad a thiontú go formáid

\_\_\_\_\_ [1].

Aithnítear \_\_\_\_\_ [1] sna treoracha agus cuirtear iad i

gcomparáid le tacar orduithe atá stóráilte i \_\_\_\_\_ [1].

Nuair atá na horduithe cearta sainaitheanta is féidir an treoir cheart a chur i

gcrích.

- (iii) Luaigh cé acu atá gach ráiteas faoi chomhéadan teanga nádúrtha FÍOR nó BRÉAGACH leis an tábla thíos a chomhlánú.

Ráiteas	FÍOR / BRÉAGACH
Is féidir treoracha teanga nádúrtha a chlósscríobh	
Níl oiliúint de dhíth ar chórais ionchurtha cainte le guthanna úsáideoirí a aithint	
Níl mórán eolais theicniúil de dhíth ar úsáideoirí	
Is féidir le torann cúlra a bheith ina fhadhb má tá treoracha á rá	

[4]

[Tiontaigh an leathanach



(d) Úsáideann roinnt gléasanna comhéadain scáileáin tadhaill.

Cuir síos ar **thrí** mhíbhuntáiste a bhaineann le scáileán tadhaill a úsáid ar ghléas digiteach.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

[6]





**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**13860.07R**



**\*28GDG2111\***

4 Tá múinteoir bunscoile ag cruthú aipe le cuidiú le páistí 5–6 bliana d’aois litriú a fhoghlaim.

Ní mór don aip a bheith inrochtana ag an sprioclucht úsáide.

(a) Sainaithin sprioclucht úsáide na haipe.

\_\_\_\_\_ [1]

(b) Liostaigh trí dhóigh ar féidir an aip a dhéanamh inrochtana do pháistí 5–6 bliana d’aois.

1. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [3]

(c) Sainaithin dhá dhóigh ar féidir leis an mhúinteoir a chinntiú go bhfuil an aip trasardáin comhoiriúnach (is féidir í a rith ar chineálacha difriúla gléasanna).

1. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]



(d) Seo thíos liosta d'fhormáidí comhaid coitianta.

PDF AVI JPEG BMP

(i) Luaigh cad é dó a seasann na litreacha PDF agus JPEG leis an tábla thíos a chomhlánú.

Formáid chomhaid	Freagra
PDF	
JPEG	

[2]

(ii) Liostaigh **aon** ghné **amháin** de na formáidí comhaid seo a leanas:

AVI \_\_\_\_\_

[1]

BMP \_\_\_\_\_

[1]

[Tiontaigh an leathanach



5 Feidhmíonn cuid mhór siopaí ar líne anois.

(a) Liostaigh **dhá** ghné idirghníomhacha a chuirtear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin do dhaoine atá ag siopadóireacht ar líne.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]

Cuireann feidhmchláir meán sóisialta réimse de ghnéithe idirghníomhacha ar fáil amhail beoshruthú.

(b) (i) Sainaithin **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le beoshruthú ar na meáin shóisialta.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]

(ii) Sainaithin **aon** bhuntáiste **amháin** a bhaineann le beoshruthú a úsáid ar na meáin shóisialta.

\_\_\_\_\_ [1]

(iii) Sainaithin **dhá** ghné idirghníomhacha breise a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí ar fheidhmchláir meán sóisialta.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]





**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**13860.07R**



**\*28GDG2115\***

**6** Cruthaítear feidhmchláir suímh gréasáin ag úsáid HTML.

**(a)** Cad é dó a seasann na litreacha HTML?

[1]

**(b)** Cuir isteach an litir cheart in aice leis na clibeanna HTML sa tábla thíos le gach clib a cheangal leis an chur síos cheart.

Tá an chéad cheann déanta duit.

Cur Síos	
A	Taispeánann sé téacs i bhformáid iodálach
B	Is féidir é a úsáid le <script> a bheith ann agus sonraí breise eile a bhaineann leis an leathanach
C	Cruthaíonn sé téacs don leathanach a thaispeántar ansin sa táb leathanaigh sa bhrabhsálaí
D	Baintear úsáid as ionas go seasfaidh an téacs amach ar leathanach trí chuma níos dorcha a chur air
E	Baintear úsáid as leis na heilimintí HTML uilig atá le feiceáil i bhfuinneog bhrabhsálaí a choinneáil
F	Eangaíonn sé téacs ar an scáileán / leathanach HTML
G	Cruthaíonn sé hipearnasc
H	Baintear úsáid as le haschur a chruthú amhail 1. Ainm 1 2. Ainm 2
I	Baintear úsáid as le liosta gan ord a chruthú

Clib HTML	Litir
<i>	<b>A</b>
<p>	
<a>	
<head>	
<ol>	
<title>	
<b>	
<body>	
<ul>	

[8]



(c) Is féidir leathanaigh ghréasáin a chruthú ag úsáid feidhmchláir cheapadóireachta chomh maith. Cuir síos ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le feidhmchlár ceapadóireachta a úsáid le suíomh gréasáin a chruthú.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

[6]

[Tiontaigh an leathanach

13860.07R



\*28GDG2117\*

- 7 Tá Imeachtaí KD ag eagrú rith carthanachta. Chomh maith leis sin is féidir le duine ar bith atá ag rith san imeacht T-léinte agus caipíní a cheannach.

Úsáidtear bunachar sonraí coibhneasta leis na horduithe a thaifeadh.

- (a) Luaigh cé acu atá gach ráiteas faoi fheidhmchlár bunachair sonraí choibhneasta FÍOR nó BRÉAGACH leis an tábla thíos a chomhlánú.

Ráiteas	FÍOR / BRÉAGACH
Is féidir foirmeacha a úsáid le roghchláir a chruthú a chuideoidh leis an úsáideoir codanna éagsúla den bhunachar sonraí a rochtain	
Is féidir iarratais a úsáid le míreanna sonraí sa bhreis a ríomh	
Ní féidir torthaí iarratais a thaispeáint ach ar thuirisc	
Is féidir tuairiscí a úsáid le sonraí ó níos mó ná tábla bunachair sonraí amháin a thabhairt le chéile	
Is féidir sonraí a chur le bunachar sonraí go furasta ag úsáid tuairisce	
Is féidir sonraí a chur le tábla bunachair sonraí go furasta ag úsáid foirme	
Úsáidtear macraí le liostaí cuardaigh a chruthú i dtáblaí bunachair sonraí	

[7]



Taispeántar cuid den bhunachar sonraí coibhneasta thíos.

### TBLReathaí

IDReathaí	Sloinne	CéadAinm	Seoladh	CódPoist
1001	Hall	Grahame	12, An Bóthar Glas, Beannchar	BT20 7UJ
1002	de Brún	Tiffany	43, Radharc na Mainistreach, An tIúr	BT35 9SD
1003	Ó Briain	Peadar	9, Bóthar an Bhlácaigh, An Droim Mór	BT25 1AA
1004	Duncan	Alison	63, Sráid na bhFear, An Droim Mór	BT26 8AH
1005	Ó Maitiú	Stiofán	17, Ascaill a hAon, Ard Mhacha	BT37 9IJ

### TBLTáirge

IDTáirge	CurSíos	PraghasDíola	LíonIStoc
TBándeargB	T-léine Bhándearg Bheag	£10.99	143
TGlasB	T-léine Ghlas Bheag	£10.99	98
TGormB	T-léine Ghorm Bheag	£10.99	112
CBándeargB	Caipín Bándearg Beag	£5.99	94
CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	87
CGormB	Caipín Gorm Beag	£5.99	121
TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	143
TGlasM	T-léine Ghlas Mheánmhéide	£12.99	98
TGormM	T-léine Ghorm Mheánmhéide	£12.99	112
CBándeargM	Caipín Bándearg Meánmhéide	£6.99	94
CGlasM	Caipín Glas Meánmhéide	£6.99	87
CGormM	Caipín Gorm Meánmhéide	£6.99	121

### TBLOrdaithe

IDOrdaithe	IDReathaí	IDTáirge	Cainníocht
P001	1001	CGlasB	1
P002	1001	TBándeargM	2
P003	1003	CGlasB	1
P004	1004	TBándeargM	3
P005	1002	CGlasB	2
P006	1002	TGormM	1
P007	1005	CGormB	3

[Tiontaigh an leathanach

13860.07R



\*28GDG2119\*

(b) Baineann bunachair sonraí choibhneasta úsáid as eochair-réimsí agus eochair-réimsí iasachta.

(i) Cén fheidhm atá le heochair-réimse i mbunachar sonraí?

[1]

(ii) Sainithin **aon** eochair-réimse iasachta **amháin** a úsáidtear sa TBLOrdaithe.

[1]

Baineann Imeachtaí KD úsáid as iarratas leis an liosta orduithe seo a aisghabháil (mar a thaispeántar i **bhFíor 1**).

IDOrdaithe	IDReathaí	Sloinne	IDTáirge	CurSíos	PraghasDíola	Cainníocht
P001	1001	Hall	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	1
P002	1001	Hall	TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	2
P003	1003	Ó Briain	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	1
P004	1004	Duncan	TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	3
P005	1002	de Brún	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	2
P006	1002	de Brún	TGormM	T-léine Ghorm Mheánmhéide	£12.99	1
P007	1005	Ó Maitiú	CGormB	Caipín Gorm Beag	£5.99	3

Fíor 1



(c) Comhlánaigh an dearadh iarratais thíos a chuideodh le hlmeachtaí KD na torthaí a thaispeántar i **bhFíor 1** a tháirgeadh.

Ainm Réimse	IDOrdaithe	IDReathaí					
Ainm Tábla	TBLOrdaithe						

[2]

(d) Ba mhaith le hlmeachtaí KD liosta nach bhfuil ann ach ainm agus seoladh gach custaiméara a bhfuil earraí thar luach £10.00 ordaithe acu.

Ainm Réimse	Sloinne				PraghasDíola
Ainm Tábla	TBLReathaí				
Critéir					
Taispeáin	TRUE				

*(Tá Taispeáin socraithe ag TRUE mar caithefar an réimse seo a thaispeáint i dtorthaí an iarratais)*

[4]

(e) Ba mhaith le hlmeachtaí KD iarratas a chruthú faoi choinne custaiméirí ón Droim Mhór a chuardach.

Mínigh cén dóigh a mbeadh orthu réimse na seoltaí a athrú in TBLReathaí le gur féidir an t-iarratas seo a chur i gcrích.

---



---

[2]

[Tiontaigh an leathanach

13860.07R



\*28GDG2121\*

Táirgtear roinnt iarratas ag úsáid SQL.

- (f) Cuir tic (✓) in aice leis an ráiteas a chuireann síos go cruinn ar cad é dó a seasann na litreacha SQL.

Seasann SQL do	Ticeáil (✓)
<i>Statement Query Language</i> (Teanga Ráitis Iarratas)	
<i>Structured Query Listing</i> (Líostú Struchtúrtha Iarratas)	
<i>Structured Query Language</i> (Teanga Struchtúrtha Iarratas)	
<i>Statement Query Listing</i> (Líostú Ráitis Iarratas)	

[1]

- (g) Scríobh ráiteas SQL a tháirgfeadh liosta ón TBLTáirge a bhfuil IDTáirge agus CurSíos ann nuair atá an LíonIStoc ag 100 nó níos lú.

#### TBLTáirge

IDTáirge	CurSíos	PraghasDíola	LíonIStoc
TBándeargB	T-léine Bhándearg Bheag	£10.99	143
TGlasB	T-léine Ghlas Bheag	£10.99	98
TGormB	T-léine Ghorm Bheag	£10.99	112
CBándeargB	Caipín Bándearg Beag	£5.99	94
CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	87
CGormB	Caipín Gorm Beag	£5.99	121
TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	143
TGlasM	T-léine Ghlas Mheánmhéide	£12.99	98

SELECT \_\_\_\_\_ [1]

FROM \_\_\_\_\_ [1]

WHERE \_\_\_\_\_ [2]



Chruthaigh Imeachtaí KD an tuairisc seo a leanas ón bhunachar sonraí s'acu.

### Achoimre Orduithe

IDReathaí	IDOrdaithe	CéadAinm	Sloinne	IDTáirge	CurSíos	PraghasDíola	Cainníocht	lomlánEarraí
1001								
	P002	Grahame	Hall	TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	2	£25.98
	P001	Grahame	Hall	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	1	£5.99
1002								
	P006	Tiffany	de Brún	TGormM	T-léine Ghorm Mheánmhéide	£12.99	1	£12.99
	P005	Tiffany	de Brún	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	2	£11.98
1003								
	P003	Peadar	Ó Briain	CGlasB	Caipín Glas Beag	£5.99	1	£5.99
1004								
	P004	Alison	Duncan	TBándeargM	T-léine Bhándearg Mheánmhéide	£12.99	3	£38.97
1005								
	P007	Stiofán	Ó Maitiú	CGormB	Caipín Gorm Beag	£5.99	3	£17.97

(h) Luaigh cé acu atá gach ráiteas faoin tuairisc thuas FÍOR nó BRÉAGACH leis an tábla thíos a chomhlánú.

Ráiteas	FÍOR / BRÉAGACH
Rangaítear an fhaisnéis sa tuairisc de réir IDReathaí agus ansin curtha in ord de réir na Cainníochta ceannaithe	
Tá sonraí ó gach tábla sa bhunachar sonraí san Fhaisnéis sa tuairisc	
Úsáidtear na réimsí Cainníocht agus PraghasDíola leis na sonraí sa cholún lomlánEarraí a ríomh	
Tá na ceanteidil réimse sa tuairisc curtha isteach ag úsáid na gceanteideal réimse ó na táblaí sonraí	
Ní mór ceanteidil réimse a chur le ceantasc tuairisce má tá siad le bheith ar gach leathanach	

[5]

[Tiontaigh an leathanach

13860.07R



\*28GDG2123\*

8 Tá pacáiste ilmheán cruthaithe ag Jack faoi choinne siopa áitiúil bia peataí.

I measc na riachtanas úsáideora don phacáiste tá: -

- Leathanach baile ina bhfuil íomhánna den fhoireann
- Leathanach ag taispeáint na dtáirgí atá ar díol sa tsiopa
- Foirm faoi choinne áirithintí a dhéanamh do pheataí sa pharlús grúmaeireachta
- Leathanach foirme le táirgí a ordú
- Hipearnaisc chuig na hionaid cúraim tréidlia uilig sa cheantar
- Cnaipí nascleanúna le ligean don úsáideoir bogadh idir gach ceann de na ceithre leathanach sa tsuíomh gréasáin

Cruthaíonn Jack plean tástála don phacáiste.

(a) Bain úsáid as na focail thíos le socrú cén cineál tástála atá Jack ag cur i gcrích i ngach cur síos.

Is féidir cuid de na téarmaí a úsáid níos mó ná uair amháin.

**Tástáil struchtúir**

**Tástáil feidhmiúlachta**

**Tástáil córais**

**Alfa-Thástáil**

**Béite-Thástáil**

<b>Cur Síos</b>	<b>Cineál Tástála</b>
Tugtar leagan den fheidhmchlár do roinnt custaiméirí le tástáil	
Lódáiltear gach íomhá den fhoireann go cruinn ar an leathanach baile	
Baintear úsáid as eilimintí a bhfuil script tástála leo faoi choinne bailíochtú ar fhoirm áirithinte	
Taispeántar iomlán orduithe i bhformáid airgeadra	
Tugtar leagan den fheidhmchlár do roinnt fostaithe le tástáil	
Ba cheart do na hipearnaisc úsáideoirí a thabhairt chuig an tsuíomh gréasáin tréidlia cheart	

[6]



(b) Baineann cuid forbróirí úsáid as tástáil A/B.

(i) Cuir síos ar an dóigh ar féidir le Jack úsáid a bhaint as tástáil A/B.

---

---

[2]

(ii) Tabhair **aon** bhuntáiste **amháin** agus **aon** mhíbhuntáiste **amháin** do Jack a bhaineann le tástáil A/B a úsáid.

Buntáiste \_\_\_\_\_

---

Míbhuntáiste \_\_\_\_\_

---

[2]

(c) Cuir síos ar an dóigh ar féidir le Jack a thástáil go nglacann na cnaipí nascleanúna ar an tsuíomh gréasáin úsáideoirí chuig an leathanach cheart.

---

---

[2]

[Tiontaigh an leathanach

13860.07R



\*28GDG2125\*

9 Is cuid thábhachtach d'fhorbairt feidhmchláir í an luacháil.

(a) Cuir síos ar an dóigh ar féidir le forbróir úsáid a bhaint as gach ceann de na doiciméid seo a leanas agus an feidhmchlár á luacháil acu.

(i) Riachtanais úsáideora

---

---

---

[2]

(ii) Doiciméid dearaidh

---

---

---

[2]

(b) Luaigh cé acu atá gach ráiteas faoi luacháil FÍOR nó BRÉAGACH leis an tábla thíos a chomhlánú.

Ráiteas	FÍOR / BRÉAGACH
Ní dhéantar luacháil ach amháin ag deireadh an phróisis forbartha	
Is féidir leis an luacháil cuidiú maidir lena chinntiú go ndéantar freastal ar gach riachtanas úsáideora	
Is féidir an luacháil a úsáid le cuidiú aiseolas a fháil ón úsáideoir deiridh	

[3]





---

# SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

13860.07R



\*28GDG2127\*

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	

<b>Marc Iomlán</b>	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

--

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

13860.07R/1



\*28GDG2128\*